

**RIALACHÁN (AE) 2022/1363 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 3 Lúnasa 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le huasleibhéil iarmhar le haghaidh 2,4-D, asocsastróibine, cialhalafop-búitile, ciamocsainile, feinheacsaimíde, flasasulfúróin, florasulam, fluorocsaipire, iopróvalacarb agus siltiafam i dtáirgí áirithe nó orthu**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(1)(a) agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le haghaidh 2,4-D, asocsastróibine, cialhalafop-búitile, ciamocsainile, feinheacsaimíde, flasasulfúróin, florasulam, fluorocsaipire, iopróvalacarb agus siltiafam, socraíodh na uasleibhéil iarmhar (MRLanna) in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (2) Le linn an athbhreithnithe ar na MRLanna sin i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, tá roinnt faisnéise faoi tháirgí áirithe sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. An fhaisnéis a bhí ar fáil bhí sí leordhóthanach don Údarás chun MRLanna atá sábháilte do thomhaltóirí a mholadh agus léiríodh na bearnaí sonraí in Iarscríbhinn II den Rialachán sin ina sonraítear an dáta faoina raibh an fhaisnéis a bhí in easnamh le cur faoi bhráid an Údaráis mar thaca leis na MRLanna atá beartaithe.
- (3) I gcás 2,4-D, chuir an t-iarratasóir isteach faisnéis den sórt sin maidir le modhanna anailíse le haghaidh almóinní, cnónna Brasaíleacha, cnónna caisiú, cnónna cócó, cnónna coill, macadaimia, cnónna peacáin, eithní cnónna péine, cnónna pistéise, gallchnónna agus cnónna crann eile agus tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí sin go leordhóthanach <sup>(2)</sup>. Dá bhrí sin, i gcás na dtáirgí sin, ba cheart na MRLanna atá ann cheana in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a choinneáil agus ba cheart an ceanglas faisnéis bhreise a chur isteach a scríosadh ón Iarscríbhinn sin. Mar sin féin, níor cuireadh isteach faisnéis den sórt sin maidir le trialacha iarmhair i gcás ruáin agus bréag-ghránaigh eile agus tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár tugadh aghaidh leordhóthanach ar an mbearna sonraí agus go bhféadfadh bainisteoirí riosca breithniú a dhéanamh ar theorainn an Chinnidh (LOD) a chur in ionad na MRLanna sin <sup>(3)</sup>. Dá bhrí sin, i gcás na dtáirgí sin, is iomchuí an MRL atá in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a choinneáil ag an LOD agus an ceanglas maidir le faisnéis bhreise a chur isteach ón Iarscríbhinn sin a scríosadh.
- (4) I gcás asocsastróibine, chuir an t-iarratasóir isteach faisnéis den sórt sin maidir le trialacha iarmhair le haghaidh ceathrúna uain, searbháin muc, biolair agus eascróga agus péacáin eile, roicéad rómhánach/rucola, mustard dearg agus barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí). Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur leor an bhearna sonraí sin <sup>(4)</sup> agus mhol sé na MRLanna a isliú i gcás na dtáirgí sin bunaithe ar an bhfaisnéis nua. Dá bhrí sin, ba cheart MRLanna na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a aithníonn an tÚdarás, agus ba cheart an ceanglas faisnéis bhreise a chur isteach a scríosadh ón Iarscríbhinn sin. In éineacht leis na sonraí daingniúcháin, de bhun Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, chuir an t-iarratasóir iarratas isteach freisin chun na MRLanna atá ann cheana a mhodhnú le haghaidh asocsastróibine i leitísí agus mhol <sup>4</sup> an tÚdarás an MRL le haghaidh an táirge sin a isliú. Ba cheart, dá bhrí sin, an

<sup>(1)</sup> IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

<sup>(2)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance 2,4-D [Conclúid maidir le hathbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i gcás na substainte gníomhaí 2,4-D.] EFSA Journal [Iris EFSA] 2014;12(9):3812.

<sup>(3)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Lack of confirmatory data following Article 12 MRL reviews for 2,4-D, fenhexamid and iprovalicarb [Easpa sonraí daingniúcháin tar éis athbhreithnithe MRL Airteagal 12 le haghaidh 2,4-D, feinheacsaimíd agus iopróvalacarb]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(10):6910.

<sup>(4)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Meastóireacht ar shonraí daingniúcháin tar éis athbhreithniú MRL Airteagal 12 agus na huasleibhéil iarmhair atá ann cheana le haghaidh asocsastróibine a mhodhnú. EFSA Journal [Iris EFSA], 2020;18(8):6231.

MRL i gcás leitísí a leagan síos ag an leibhéal a shaináithneoidh an tÚdarás. Le linn athbhreithniú Airteagal 12, d'aithin an tÚdarás bearna sonraí maidir le próifíl thocsaineolaíoch na meitibilítí L1, L4 agus L9 le haghaidh mucra (matán, saill, ae, duán, scairteach inite), bó-ainmhithe (matán, saill, ae, duán, scairteach inite), caorach (matán, saill, ae, duán, scairteach inite), gabhar (matán, saill, ae, duán, scairteach inite), bainne (eallach, caoirigh, gabhair agus each-ainmhithe) agus uibheacha éan. Níor chuir an t-iarratasóir isteach faisnéis den sórt sin<sup>4</sup>. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid<sup>4</sup> nach dtagann na meitibilítí seo chun cinn ar mhatán, ach nár chuir an t-iarratasóir tréithriú iomlán dá bpróifíl thocsaineolaíoch ar fáil agus gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú tuilleadh, ag cur san áireamh go léiríonn MRLanna atá ann cheana le haghaidh na dtáirgí seo uasteorainneacha na n-iarmhar Codex (CXLanna). Dá bhrí sin, i gcás na dtáirgí sin, ba cheart na MRLanna atá ann cheana in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a choinneáil agus ba cheart an ceanglas faisnéis bhreise a chur isteach a choinneáil ar bun san Iarscríbhinn sin.

- (5) I gcás ciahalafof-búitile, thíolaic an t-iarratasóir an fhaisnéis sin maidir le modhanna anailíseacha rise agus bhain an tÚdarás de thátal as gur tugadh aghaidh go leordhóthanach ar an mbearna sonraí sin <sup>(5)</sup>. Dá bhrí sin, i gcás an táirge sin, ba cheart na MRL atá ann cheana in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a choinneáil agus ba cheart an ceanglas faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ón Iarscríbhinn sin.
- (6) I gcás ciamocsainile, chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach maidir le trialacha iarmhair le haghaidh fíonchaora boird, fíniúnacha coiteanna, leitísí agus spionáistí. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur leor an bhearna sonraí sin <sup>(6)</sup> agus mhol sé na MRLanna a choinneáil nó a íslíú i gcás na dtáirgí sin. Dá bhrí sin, ba cheart MRLanna na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a aithníonn an tÚdarás, agus ba cheart an ceanglas faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ón Iarscríbhinn sin. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid<sup>6</sup> nár tugadh aghaidh ar na bearnaí sonraí maidir le modhanna anailíseacha le haghaidh insiltí luibhe agus leannlusanna agus cobhsaíocht stórála le haghaidh piseánach, insiltí luibhe agus leannlusanna agus gur cheart na MRLanna do na táirgí sin a choinneáil ag an LOD. Dá bhrí sin, ba cheart MRLanna na dtáirgí sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leagan síos ag an leibhéal a aithníonn an tÚdarás, agus ba cheart an ceanglas faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ón Iarscríbhinn sin.
- (7) I gcás feinheacsaimíde, níor cuireadh isteach an fhaisnéis sin maidir le trialacha iarmhair agus paraiméadair maidir Dea-Chleachtas Talmhaíochta (GAP) le haghaidh cíobhaíonna (glas, dearg, buí). Mar sin féin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil an fhaisnéis a iarradh ag teastáil <sup>(7)</sup> a thuilleadh toisc go ndearnadh an mheastóireacht le ceanglais sonraí níos sine, rud a fhágann nach bhfuil gá a thuilleadh le trialacha iarmhair ná le faisnéis ar GAPanna a thuilleadh. Dá bhrí sin, i gcás an táirge sin, ba cheart na MRL atá ann cheana in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a choinneáil agus ba cheart an ceanglas faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ón Iarscríbhinn sin.
- (8) I gcás flasasulfúróin, chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach maidir le cobhsaíocht stórála le haghaidh ológa boird agus ológa le haghaidh táirgeadh ola agus tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur tugadh aghaidh go leordhóthanach ar an mbearna sonraí sin <sup>(8)</sup>. Dá bhrí sin, i gcás na dtáirgí sin, ba cheart na MRLanna atá ann cheana in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a choinneáil agus ba cheart an ceanglas faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ón Iarscríbhinn sin.
- (9) I gcás florasulam, chuir an t-iarratasóir isteach faisnéis den sórt sin maidir le modhanna anailíse maidir le bó-ainmhithe (matán, saill, ae, duán, scairteach inite), caorach (matán, saill, ae, duán, scairteach inite), gabhar (matán, saill, ae, duán, scairteach inite) agus bainne (eallach, caoirigh, gabhair, each-ainmhithe), agus tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí seo go leordhóthanach <sup>(9)</sup>. Dá bhrí sin, i gcás na dtáirgí sin, ba cheart na MRLanna atá ann cheana in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a choinneáil agus ba cheart an ceanglas faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ón Iarscríbhinn sin.

<sup>(5)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance cyhalofop (variant evaluated cyhalofop-butyl). [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i gcás na substainté gníomhaí ciahalafof-búitil.] EFSA Journal [Iris EFSA] 2015; 13 (1), lch. 3943.

<sup>(6)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Meastóireacht ar shonraí daingniúcháin tar éis athbhreithniú Airteagal 12 le haghaidh ciamocsainile. EFSA Journal [Iris EFSA] 2019; 17 (10), lch. 5823.

<sup>(7)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Lack of confirmatory data following Article 12 MRL reviews for 2,4-D, fenhexamid and iprovalicarb. [Easpa sonraí daingniúcháin tar éis athbhreithnithe MRL Airteagal 12 le haghaidh 2,4-D, feinheacsaimíd agus iopróvalacarb.] EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(10):6910.

<sup>(8)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance flazasulfuron. [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i gcás na substainté gníomhaí flasasulfúróin.] EFSA Journal [Iris EFSA], 2016;14(8):4575.

<sup>(9)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance florasulam. [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i gcás na substainté gníomhaí florasulam.] EFSA Journal [Iris EFSA] 2015;13(1):3984.

- (10) I gcás flurocsaipire, chuir an t-iarratasóir isteach an fhaisnéis sin maidir le modhanna anailíseacha, cobhsaíocht stórála, eatramh réamhbhuainte agus trialacha iarmhair le haghaidh úll agus oinniún. Chuir an t-iarratasóir faisnéis bhreise isteach freisin maidir leis an modh anailíseach a úsáideadh sna trialacha iarmhar le haghaidh tíme. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur tugadh aghaidh ar na bearnaí sonraí seo go leordhóthanach <sup>(10)</sup> <sup>(11)</sup>. Dá bhrí sin, ba cheart MRLanna na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a aithníonn an tÚdarás, agus ba cheart an ceanglas faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ón Iarscríbhinn sin. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí a bhaineann leis an modh anailíseach le haghaidh gairleog agus seallóidí, ach i gcás cainneanna, gránach, insiltí luibhe ó bhláthanna agus cannaí síucra nár tugadh aghaidh air, agus gur gá an bainistiú riosca a scrúdú tuilleadh. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár tugadh aghaidh ach go páirteach ar na bearnaí sonraí maidir cobhsaíocht stórála agus meitibileacht le haghaidh mucra (matán, saill, ae, duán, scairteach inite), bó-ainmhithe (matán, saill, ae, duán, scairteach inite), caorach (matán, saill, ae, duán, scairteach inite), gabhar (matán, saill, ae, duán, scairteach inite), bainne (eallach, caoirigh, gabhair agus each-ainmhithe) agus uibheacha éan. Sa Tuarascáil chríochnaitheach maidir le hathbhreithniú <sup>(12)</sup> le haghaidh na substainte seo, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur leor na sonraí a bhí ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sonraí sin freisin. Dá bhrí sin, i gcás na dtáirgí sin, ba cheart na MRLanna atá in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a choinneáil agus ba cheart an ceanglas faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ón Iarscríbhinn sin.
- (11) I gcás ioprovalacarb, níor cuireadh isteach faisnéis den sórt sin maidir le meitibileacht bharr ar leitísí, searbháin muc agus roicéad rómhánach/rucola agus tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí <sup>(13)</sup> a saináithníodh roimhe sin agus go bhféadfadh bainisteoirí riosca breithniú a dhéanamh ar an LOD a chur in ionad na MRLanna sin. Dá bhrí sin, i gcás na dtáirgí sin, is iomchuí MRLanna atá in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leagan síos ag an LOD sonrath agus an ceanglas maidir le faisnéis bhreise a chur isteach ón Iarscríbhinn sin a scriosadh.
- (12) I gcás siltiafam, chuir an t-iarratasóir isteach an fhaisnéis sin maidir le modhanna anailíseacha le haghaidh eorna, seagail agus cruithneachta agus tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur tugadh aghaidh go leordhóthanach ar an mbearna sonraí sin <sup>(14)</sup>. Dá bhrí sin, i gcás na dtáirgí sin, ba cheart na MRLanna atá ann cheana in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a choinneáil agus ba cheart an ceanglas faisnéis bhreise a chur isteach a scriosadh ón Iarscríbhinn sin.
- (13) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhaineann leis an ngá le LODanna áirithe a oiriúntú. Tháinig na saotharlanna sin ar an gconclúid go gceadaítear an leagan síos de LODanna níos ísle le forbairt theicniúil i gcás táirgí áirithe.
- (14) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir le MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a gcuid tuairimí san áireamh.
- (15) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.
- (16) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, ba cheart go bhforálfai leis an Rialachán seo maidir le bearta idirthréimhseacha i gcás táirgí atá táirgthe sula modhnaítear na MRLanna agus ar ina leith a léiríonn an fhaisnéis go gcoinnítear leibhéal ard cosanta don tomhaltóir.
- (17) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoírí gnólachtaí bia in ann iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a thiocfaidh as an modhnú ar na MRLanna a chomhlíonadh.

<sup>(10)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Evaluation of confirmatory data following the Article 12 MRL review for fluroxypyr [Meastóireacht ar shonraí daingniúcháin tar éis athbhreithniú Airteagal 12 le haghaidh flurocsaipire]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2019;17(9):5816.

<sup>(11)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Modification of the existing maximum residue levels for fluroxypyr in chives, celery leaves, parsley, thyme and basil and edible flowers [Na huasleibhéil iarmhair atá ann faoi láthair le haghaidh flurocsaipire a mhodhnú i síobhais, i nduilleoga soilire, i bpeirsil, i dtím agus i mbláthanna inite]. EFSA Journal [Iris EFSA], 2020;18(10):6273.

<sup>(12)</sup> SANCO/11019/2011 rev.5, "Final Review report for the active substance fluroxypyr finalised in the Standing Committee on the Food Chain and Animal Health at its meeting on 17 June 2011 in view of the approval of fluroxypyr as active substance in accordance with Regulation (EC) No 1107/2009", 23 March 2017, [https://ec.europa.eu/food/plant/pesticides/eu-pesticides-database/active-substances/?event=as.details&as\\_id=734](https://ec.europa.eu/food/plant/pesticides/eu-pesticides-database/active-substances/?event=as.details&as_id=734) [Tuarascáil chríochnaitheach maidir le hathbhreithniú faoin tsubstaint bhunata flurocsaipir arna tabhairt chun críche ag cruinniú an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 17 Meitheamh 2011 i bhfianaise flurocsaipir a fhorghabháil mar shubstaint bhunata i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009]

<sup>(13)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Lack of confirmatory data following Article 12 MRL reviews for 2,4-D, fenhexamid and iprovalacarb. [Easpa sonraí daingniúcháin tar éis athbhreithnithe MRL Airteagal 12 le haghaidh 2,4-D, feinheacsaimíd agus ioprovalacarb]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(10):6910.

<sup>(14)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance siltiofam [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i gcás na substainte gníomhaí siltiafam]. EFSA Journal [Iris EFSA], 2016;14(8):4574.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Leanfaidh Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a bhí sé sular leasaíodh é leis an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige maidir le táirgí a táirgeadh san Aontas nó a allmhairíodh isteach san Aontas roimh an 25 Feabhra 2023.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón an 25 Feabhra 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Lúnasa 2022

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na gcolún le haghaidh 2,4-D, asocsastróibine , ciahalaíop-búitile, ciamocsainile, feinheacsaimíde, flasasulfúróin, florasulam, flurocsaipire, iopróvalacarb agus siltiafam:

## "Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo <sup>(*)</sup>	2,4-D (suim de 2,4-D, a shalainn, a eistir agus a gcomhchuingeáin, arna sloinneadh mar 2,4-D)	Asocsastróibin	Ciahalaíop-búitil	Ciamocsainil	Feinheacsaimíd (F)	Flasasulfúróin	Florasulam	Fluaroocsaipir (suim de fhluaroocsaipir, a salainn, a heistir, agus a comhchuingigh, arna sloinneadh mar fhluaroocsaipir) (K)	Iopróvalacarb	Siltiafam
0100000	<b>TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN</b>						0,01 (*)	0,01 (*)			
0110000	<b>Torthaí citris</b>	1	15	0,02 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)			0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0110010	Seadóga										
0110020	Oráistí										
0110030	Líomóidí										
0110040	Líomáí										
0110050	Mandairíní										
0110990	Eile (2)										
0120000	<b>Cnónna crann</b>	0,2		0,05 (*)	0,01 (*)	0,02 (*)			0,01 (*)	0,02 (*)	0,02 (*)
0120010	Almóinní		0,01								
0120020	Cnónna Brasaíleacha		0,01								
0120030	Cnónna caisiú		0,01								
0120040	Castáin		0,01								
0120050	Cnónna cócó		0,01								

0120060	Cnónna coill		0,01							
0120070	Macadaimia		0,01							
0120080	Cnónna peacáin		0,01							
0120090	Eithní cnónna péine		0,01							
0120100	Cnónna pistéise		1							
0120110	Gallchnónna		0,01							
0120990	Eile (2)		0,01							
0130000	<b>Torthaí póma</b>	0,05 (*)	0,01 (*)	0,02 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)			0,01 (*)	0,01 (*)
0130010	Úlla							0,05 (*)		
0130020	Piorraí							0,01 (*)		
0130030	Cainchí							0,01 (*)		
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach							0,01 (*)		
0130050	Locuatanna							0,01 (*)		
0130990	Eile (2)							0,01 (*)		
0140000	<b>Torthaí cloiche</b>	0,05 (*)	2	0,02 (*)	0,01 (*)			0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0140010	Aibreoga					10				
0140020	Silíní (iad milis)					7				
0140030	Péitseoga					10				
0140040	Plumaí					2				
0140990	Eile (2)					0,01 (*)				
0150000	<b>Caora agus torthaí beaga</b>	0,1		0,02 (*)				0,01 (*)		0,01 (*)
0151000	(a) <b>fíonchaora</b>		3		<b>0,05</b>	15			2	
0151010	Fíonchaora boird									
0151020	Fíniúnacha coiteanna									
0152000	(b) <b>sútha talún</b>		10		0,01 (*)	10			0,01 (*)	
0153000	(c) <b>torthaí cána</b>		5		0,01 (*)	15			0,01 (*)	
0153010	Sméara dubha									
0153020	Eithreoga									

0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)									
0153990	Eile (2)									
0154000	<b>(d) torthaí beaga eile agus caora eile</b>				0,01 (*)				0,01 (*)	
0154010	Fraocháin		5			20				
0154020	Mónóga		0,5			20				
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)		5			20				
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)		5			20				
0154050	Mogóirí róis		5			5				
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)		5			5				
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil		5			15				
0154080	Caora troim		5			5				
0154990	Eile (2)		5			0,01 (*)				
0160000	<b>Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil</b>	0,05 (*)		0,02 (*)	0,01 (*)				0,01 (*)	0,01 (*)
0161000	<b>(a) craiceann inite</b>					0,01 (*)				
0161010	Dátaí		0,01 (*)							
0161020	Figí		0,01 (*)							
0161030	Ológa boird		0,01 (*)							
0161040	Cumcuait		0,01 (*)							
0161050	Torthaí réaltúla		0,1							
0161060	Dátphlumaí Seapánacha		0,01 (*)							
0161070	Plumaí láva		0,01 (*)							
0161990	Eile (2)		0,01 (*)							
0162000	<b>(b) craiceann do-ite, é beag</b>									
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)		0,01 (*)			15				
0162020	Lítsíonna		0,01 (*)			0,01 (*)				
0162030	Páiseoga		4			0,01 (*)				
0162040	Piorraí deilgneacha		0,3			0,01 (*)				
0162050	Réalt-úlla		0,01 (*)			0,01 (*)				

0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha		0,01 (*)			0,01 (*)					
0162990	Eile (2)		0,01 (*)			0,01 (*)					
0163000	<b>(c) craiceann do-ite, é mór</b>					0,01 (*)					
0163010	Abhacáid		0,01 (*)								
0163020	Bananaí		2								
0163030	Mangónna		4								
0163040	Papánna		0,3								
0163050	Pomagránaití		0,01 (*)								
0163060	Céiriomoighe		0,01 (*)								
0163070	Guábhaí		0,01 (*)								
0163080	Anainn		0,01 (*)								
0163090	Torthaí aráin		0,01 (*)								
0163100	Duraígh		0,01 (*)								
0163110	Úlla deilgneacha		0,01 (*)								
0163990	Eile (2)		0,01 (*)								
0200000	<b>GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE</b>										
0210000	<b>Glasraí fréimhe agus tiúbair</b>			0,02 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0211000	<b>(a) prátaí</b>	0,2	7								
0212000	<b>(b) glasraí fréimhe agus tiúbair thrópaiceacha</b>	0,05 (*)	1								
0212010	Casabhaigh										
0212020	Prátaí milse										
0212030	Ionaim										
0212040	Ararút										
0212990	Eile (2)										
0213000	<b>(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra</b>	0,05 (*)									
0213010	Meacain bhiatais		1								
0213020	Meacain dhearga		1								
0213030	Soiliriac/soilire tornapa		1								



0213040	Meacain ragaim		1								
0213050	Bliosáin ghréine		1								
0213060	Meacain bhána		1								
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg		1								
0213080	Raidisí		1,5								
0213090	Salsabh		1								
0213100	Svaeideanna		1								
0213110	Tornapaí		1								
0213990	Eile (2)		1								
0220000	<b>Glasraí bleibíní</b>	0,05 (*)	10	0,02 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)			0,01 (*)
0220010	Gairleog					0,01 (*)			0,05 (*)	0,01 (*)	
0220020	Oinniúin					0,8			0,05 (*)	0,1	
0220030	Seallóidí					0,01 (*)			0,05 (*)	0,01 (*)	
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil					0,01 (*)			0,01 (*)	0,01 (*)	
0220990	Eile (2)					0,01 (*)			0,01 (*)	0,01 (*)	
0230000	<b>Glasraí a thugann torthaí</b>	0,05 (*)		0,02 (*)			0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0231000	(a) <b>Solanaceae agus Malvaceae</b>		3								
0231010	Trátaí				0,4	2				0,7	
0231020	Piobair				0,01 (*)	3				0,01 (*)	
0231030	Ubhthorthaí				0,3	2				0,01 (*)	
0231040	Ocra				0,01 (*)	0,01 (*)				0,01 (*)	
0231990	Eile (2)				0,01 (*)	0,01 (*)				0,01 (*)	
0232000	(b) <b>guird a bhfuil craiceann inite acu</b>		1		0,08	1				0,1	
0232010	Cúcamair										
0232020	Gircíní										
0232030	Cúirséid										
0232990	Eile (2)										
0233000	(c) <b>guird a bhfuil craiceann do-ite acu</b>		1		0,4	0,01 (*)					

0233010	Mealbhacáin									0,2	
0233020	Puimcíní									0,01 (*)	
0233030	Mealbhacáin uisce									0,2	
0233990	Eile (2)									0,01 (*)	
0234000	(d) <b>arbhar milis</b>		0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)				0,01 (*)	
0239000	(e) <b>glasraí eile a thugann torthaí</b>		0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)				0,01 (*)	
0240000	<b>Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)</b>	0,05 (*)		0,02 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0241000	(a) <b>praiseach bhlátha</b>		5								
0241010	Brocaílí										
0241020	Cóilis										
0241990	Eile (2)										
0242000	(b) <b>praiseach chinn</b>		5								
0242010	Bachlóga Bruiséile										
0242020	Cabáistí cinn										
0242990	Eile (2)										
0243000	(c) <b>praiseach dhuilleach</b>		6								
0243010	Cabáistí Síneacha										
0243020	Cáil										
0243990	Eile (2)										
0244000	(d) <b>cálráibí</b>		5								
0250000	<b>Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite</b>										
0251000	(a) <b>leitísí agus plandaí sailéid</b>	0,05 (*)	<b>10</b>	0,02 (*)		50	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	<b>0,01 (*)</b>	0,01 (*)
0251010	Ceathrúna uain				0,01 (*)						
0251020	Leitísí				0,03						
0251030	Searbháin muc				0,01 (*)						
0251040	Biolair agus eascróga agus péacáin eile				0,01 (*)						
0251050	Biolair thalún				0,01 (*)						
0251060	Roicéad Rómánach/rucola				0,01 (*)						

0251070	Mustard dearg				0,01 (*)						
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)				0,01 (*)						
0251990	Eile (2)				0,01 (*)						
0252000	<b>(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla</b>	0,05 (*)	15	0,02 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0252010	Spionáistí				<b>0,9</b>						
0252020	Puirsléain				0,01 (*)						
0252030	Seardas/duilleoga biatais				0,01 (*)						
0252990	Eile (2)				0,01 (*)						
0253000	<b>(c) duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla</b>	0,05 (*)	0,01 (*)	0,02 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0254000	<b>(d) biolair uisce</b>	0,05 (*)	0,01 (*)	0,02 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0255000	<b>(e) sreabháin na Beilge</b>	0,05 (*)	0,3	0,02 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0256000	<b>(f) luibheanna agus bláthanna inite</b>	0,1 (*)	70	0,05 (*)	0,02 (*)	50	0,02 (*)	0,02 (*)		0,02 (*)	0,02 (*)
0256010	Costóg								0,02 (*)		
0256020	Síobhas								0,5		
0256030	Duilleoga soilire								0,3		
0256040	Peirsil								0,3		
0256050	Sáiste								0,02 (*)		
0256060	Marós								0,02 (*)		
0256070	Tím								2		
0256080	Basal agus bláthanna inite								0,3		
0256090	Duilleog labhrais								0,02 (*)		
0256100	Dragan								0,02 (*)		
0256990	Eile (2)								0,02 (*)		
0260000	<b>Léagúim</b>	0,05 (*)	3	0,02 (*)			0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)				0,05 (*)	15					
0260020	Pónairí (gan faighneoga)				0,05 (*)	0,01 (*)					
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)				0,15	0,01 (*)					
0260040	Piseanna (gan faighneoga)				0,05 (*)	0,01 (*)					

0260050	Lintilí				0,01 (*)	0,01 (*)					
0260990	Eile (2)				0,01 (*)	0,01 (*)					
0270000	<b>Glasraí gais</b>	0,05 (*)		0,02 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)
0270010	Lus súgach		0,01 (*)		0,01 (*)				0,01 (*)		
0270020	Cardúin		15		0,01 (*)				0,01 (*)		
0270030	Soilirí		15		0,01 (*)				0,01 (*)		
0270040	Finéal Fhlórans		10		0,01 (*)				0,01 (*)		
0270050	Bliosáin chruinne		5		0,01 (*)				0,01 (*)		
0270060	Cainneanna		10		0,02				0,3		
0270070	Biabhóg		0,6		0,01 (*)				0,01 (*)		
0270080	Péacáin bhambú		0,01 (*)		0,01 (*)				0,01 (*)		
0270090	Croíthe pailme		0,01 (*)		0,01 (*)				0,01 (*)		
0270990	Eile (2)		0,01 (*)		0,01 (*)				0,01 (*)		
0280000	<b>Fungais, caonaigh agus léicin</b>	0,05 (*)	0,01 (*)	0,02 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0280010	Fungais shaothraithe										
0280020	Fungais fhiáine										
0280990	Caonaigh agus léicin										
0290000	<b>Algaí agus orgánaigh phrócaróit</b>	0,05 (*)	0,01 (*)	0,02 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0300000	<b>PISEÁNAIGH</b>	0,05 (*)	0,15	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0300010	Pónairí										
0300020	Lintilí										
0300030	Piseanna										
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní										
0300990	Eile (2)										
0400000	<b>OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ</b>	0,05 (*)		0,05 (*)	0,01 (*)	0,02 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,02 (*)	0,02 (*)
0401000	<b>Olashíolta</b>										
0401010	Ros lín		0,4								
0401020	Piseanna talún		0,2								



0500080	Sorgam	0,05 (*)	10						0,05 (*)		
0500090	Cruithneacht	2	0,5						0,1		
0500990	Eile (2)	0,05 (*)	0,01 (*)						0,01 (*)		
0600000	<b>TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB</b>	0,1 (*)		0,1 (*)	0,1 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)		0,05 (*)	0,05 (*)
0610000	<b>Taenna</b>		0,05 (*)						0,05 (*)		
0620000	<b>Pónairí caife</b>		0,03						0,05 (*)		
0630000	<b>Insiltí luibhe ó</b>										
0631000	(a) <b>bláthanna</b>		60						2		
0631010	Camán meall										
0631020	Roiseog										
0631030	Rós										
0631040	Seasmain										
0631050	Teile										
0631990	Eile (2)										
0632000	(b) <b>duilleoga agus luibheanna</b>		60						0,05 (*)		
0632010	Sú talún										
0632020	Rooibos										
0632030	Maité										
0632990	Eile (2)										
0633000	(c) <b>fréamhacha</b>		0,3						0,05 (*)		
0633010	Caorthann corraigh										
0633020	Ginsing										
0633990	Eile (2)										
0639000	(d) <b>aon chuid eile den phlanda</b>		0,05 (*)						0,05 (*)		
0640000	<b>Pónairí cócó</b>		0,05 (*)						0,05 (*)		
0650000	<b>Carúib</b>		0,05 (*)						0,05 (*)		
0700000	<b>LEANNLUSANNA</b>	0,1 (*)	30	0,1 (*)	0,1 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0800000	<b>SPÍOSRAÍ</b>										

0810000	<b>Spíosraí ó shíolta</b>	0,1 (*)	0,3	0,1 (*)	0,1 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0810010	Ainís										
0810020	Calaindí										
0810030	Soilire										
0810040	Lus an choiré										
0810050	Cuimín										
0810060	Lus mín										
0810070	Finéal										
0810080	Feinigréag										
0810090	Noitmig										
0810990	Eile (2)										
0820000	<b>Spíosraí ó thorthaí</b>	0,1 (*)	0,3	0,1 (*)	0,1 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó										
0820020	Piobar Szechuan										
0820030	Cearbhas										
0820040	Cardamam										
0820050	Caor aítíl										
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)										
0820070	Fanaile										
0820080	Tamarain										
0820990	Eile (2)										
0830000	<b>Spíosraí ó choirt</b>	0,1 (*)	0,05 (*)	0,1 (*)	0,1 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0830010	Cainéal										
0830990	Eile (2)										
0840000	<b>Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm</b>										
0840010	Liocras	0,1 (*)	0,05 (*)	0,1 (*)	0,1 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0840020	Sinséar (10)										
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,1 (*)	0,05 (*)	0,1 (*)	0,1 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)

0840040	Meacain ragaim (11)										
0840990	Eile (2)	0,1 (*)	0,05 (*)	0,1 (*)	0,1 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0850000	<b>Spíosraí ón mbaclóg</b>	0,1 (*)	0,05 (*)	0,1 (*)	0,1 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0850010	Clóibh										
0850020	Caprais										
0850990	Eile (2)										
0860000	<b>Spíosraí ó phistil bláthanna</b>	0,1 (*)	0,05 (*)	0,1 (*)	0,1 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0860010	Cróch										
0860990	Eile (2)										
0870000	<b>Spíosraí arail</b>	0,1 (*)	0,05 (*)	0,1 (*)	0,1 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0870010	Maicis										
0870990	Eile (2)										
0900000	<b>PLANDAÍ SIÚCRA</b>	0,05 (*)		0,02 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)
0900010	Fréamhacha biatas siúcra		5						0,01 (*)		
0900020	Cánaí siúcra		0,05						0,05 (*)		
0900030	Fréamhacha siocaire		0,09						0,01 (*)		
0900990	Eile (2)		0,01 (*)						0,01 (*)		
1000000	<b>TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN</b>										
1010000	<b>Tráchtearraí ó</b>			0,01 (*)	0,01 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,05 (*)	0,01 (*)
1011000	(a) <b>mucra</b>										
1011010	Matán	0,2	0,01 (*) (+)						0,01 (*)		
1011020	Saill	0,2	0,05 (+)						0,04		
1011030	An t-ae	5	0,07 (+)						0,04		
1011040	An duán	5	0,07 (+)						0,06		
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	5	0,07 (+)						0,06		
1011990	Eile (2)	5	0,01 (*) (+)						0,01 (*)		
1012000	(b) <b>bó-ainmhithe</b>										



1012010	Matán	0,2	0,01 (*) (+)					0,01 (*)		
1012020	Saill	0,2	0,05 (+)					0,06		
1012030	An t-ae	5	0,07 (+)					0,07		
1012040	An duán	5	0,07 (+)					0,3		
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	5	0,07 (+)					0,3		
1012990	Eile (2)	5	0,01 (*) (+)					0,01 (*)		
1013000	(c) <b>caoraigh</b>									
1013010	Matán	0,2	0,01 (*) (+)					0,01 (*)		
1013020	Saill	0,2	0,05 (+)					0,06		
1013030	An t-ae	5	0,07 (+)					0,07		
1013040	An duán	5	0,07 (+)					0,3		
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	5	0,07 (+)					0,3		
1013990	Eile (2)	5	0,01 (*) (+)					0,01 (*)		
1014000	d) <b>gabhair</b>									
1014010	Matán	0,2	0,01 (*) (+)					0,01 (*)		
1014020	Saill	0,2	0,05 (+)					0,06		
1014030	An t-ae	5	0,07 (+)					0,07		
1014040	An duán	5	0,07 (+)					0,3		
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	5	0,07 (+)					0,3		
1014990	Eile (2)	5	0,01 (*) (+)					0,01 (*)		
1015000	(e) <b>each-ainmhíthe</b>									
1015010	Matán	0,2	0,01 (*)					0,01 (*)		
1015020	Saill	0,2	0,05					0,06		
1015030	An t-ae	5	0,07					0,07		
1015040	An duán	5	0,07					0,3		
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	5	0,07					0,3		

1015990	Eile (2)	5	0,01 (*)						0,01 (*)		
1016000	<b>(f) éanlaith chlóis</b>	0,05 (*)	0,01 (*) (+)						0,01 (*)		
1016010	Matán		(+)								
1016020	Saill		(+)								
1016030	An t-ae		(+)								
1016040	An duán		(+)								
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		(+)								
1016990	Eile (2)		(+)								
1017000	<b>(g) ainmhithe talún feirme eile</b>										
1017010	Matán	0,2	0,01 (*)						0,01 (*)		
1017020	Saill	0,2	0,05						0,06		
1017030	An t-ae	5	0,07						0,07		
1017040	An duán	5	0,07						0,3		
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	5	0,07						0,3		
1017990	Eile (2)	5	0,01 (*)						0,01 (*)		
1020000	<b>Bainne</b>	0,01 (*)	0,01 (*) (+)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,06	0,01 (*)	0,01 (*)
1020010	Eallach		(+)								
1020020	Caoirigh		(+)								
1020030	Gabhar		(+)								
1020040	Capall		(+)								
1020990	Eile (2)		(+)								
1030000	<b>Uibheacha éan</b>	0,01 (*)	0,01 (*) (+)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)
1030010	Sicín		(+)								
1030020	Lacha		(+)								
1030030	Géanna		(+)								
1030040	Gearg		(+)								
1030990	Eile (2)		(+)								

1040000	<b>Mil agus táirgí beachaireachta eile (7)</b>	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
1050000	<b>Débheathaigh agus Reiptílí</b>	0,05 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)
1060000	<b>Ainmhithe inveirteabracha talún</b>	0,05 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)
1070000	<b>Ainmhithe veirteabracha talún fiáine</b>	0,05 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,05 (*)	0,01 (*)
1100000	<b>TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)</b>										
1200000	<b>TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)</b>										
1300000	<b>TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)</b>										

(\*) Teorainn cinnidh anailísigh

(\*\*) Comhcheangal cód lotnaidicídí a bhfuil feidhm ag an MRL a leagtar amach i Iarscríbhinn III Cuid B maidir leis.

(†) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I."

(F) = Intuaslagtha i saill

### Asocsastróibin

Tá roinnt faisnéise faoi thocsaineacht na meitibilítí sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, má chuirtear isteach í faoin 5 Lúnasa 2024, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

1011000 (a) mucra

1011010 Matán

1011020 Saill

1011030 An t-ae

1011040 An duán

1011050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)

1011990 Eile (2)

1012000 (b) bó-ainmhithe

1012010 Matán

1012020 Saill

1012030 An t-ae

1012040 An duán

1012050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)

1012990 Eile (2)

1013000 (c) caoraigh

1013010 Matán

1013020 Saill

1013030 An t-ae

1013040 An duán

1013050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)

1013990 Eile (2)

1014000 (d) gabhair

1014010 Matán

1014020 Saill

1014030 An t-ae

1014040 An duán

1014050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)

1014990 Eile (2)

1016000 (f) éanlaith chlóis

1016010 Matán

---

1016020 Saill  
1016030 An t-ae  
1016040 An duán  
1016050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)  
1016990 Eile (2)  
1020000 Bainne  
1020010 Eallach  
1020020 Caoraigh  
1020030 Gabhair  
1020040 Capaill  
1020990 Eile (2)  
1030000 Uibheacha éan  
1030010 Sicín  
1030020 Lacha  
1030030 Géanna  
1030040 Gearg  
1030990 Eile (2)

**Fluaroicsaipir (suim de fhluaroicsaipir, a salainn, a heistir, agus a comhchuingigh, arna sloinneadh mar fhluaroicsaipir) (R) (A)**

(R) = Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil leis an gcomhcheangal códuimhreacha lotnaidicídí seo a leanas:

Fluaroicsaipir — cód 1000000 seachas 1040000: Fluaroicsaipir (suim de fhluaroicsaipir agus a salainn, arna sloinneadh mar fhluaroicsaipir)"f

---